

# NUACHTLITIR NA SAMHRAIDH 2023

**Scoil Chrónáin, Ráth Cúil**

**30ú Meitheamh 2023**

# Nóta ó Príomhoide

A Thuismitheoirí agus a Chaomhnóirí Dhíle,

Bliain eile imithe tharainn i bhfaiteadh na súl. Tá fás agus forbairt déanta ag gach duine ar scoil ó thús na bliana cinnte. Am anois sos a thógaint agus fáilte a chur roimh an samhradh agus am a chaitheamh lenár dteaghlaigh roimh thosú arís ag deireadh mí Lúnasa. Táimid tar éis sláin a fhágaint le rang a 6 eile agus guímíd gach rath orthu. Grúpa speisialta a fhanfaidh inár gcuimhne ar feadh i bhfad. Gan dabht beidh fáilte rompu ar ais go Scoil Chrónáin i gcónaí.

Agus mé ag smaoineamh ar an mbliain atá imithe táim thar a bheith buíoch as an oiread sin daoine mórthimpeall orm a chabhraigh leis an scoil fás agus forbairt a dhéanamh in aineoinn bliain dúshlánach a bheith ann.

Caithfidh mé tosú le foireann iomlán na scoile a rinne obair den scoth ó thús na bliana agus a bhí dearfach oscailte agus toillteanach dul ar aghaidh leis na hathruithe ar fad a cuireadh i bhfeidhm i rith na bliana. Tá a lán athruaithe déanta ar scoil againn i mbliana, cuid daoibh le feiceáil mórthimpeall orainn, ar nós na comharthaí nua, cluichí clóis, an múrphictiúr agus an trealamh spóirt nua a fuaireamar. Tá cuid mhaith eile nach bhfuil chomh soiléar ar nós an feabhas a cuireadh ar ár gcórais oibre, rud a chabhróidh linn amach anseo. D'oibrigh an fhoireann go dian dícheallach ó thús na bliana iad seo ar fad a thabhairt chun críche agus táim fíor bhuíoch do gach uile duine acu. Is le chéile is fearr sinn i gcónaí agus tá an t-ádh dearg leis an scoil go bhfuil foireann iontach ann faoi láthair.

Gan dabht caithfear moladh speisialta a thabhairt do pháistí na scoile. Thángadar chugainn gach lá le fuadar agus le fonn foghlama. Tá aithne curtha agam ar chuid mhaith acu ó bheith ag an ngeata tosaigh ar maidin agus bhaineas an-taitneamh as aithne a chur orthu agus na pearsantachtaí iontacha atá acu go léir. Is aoibhinn an rud iad a fheiscint ag fás suas agus ag an ghrá atá acu d'ár gcultúr Gaelach.

Daoibhse a thuismitheoirí gabhaim buíochas libh as an tacaíocht a léiríonn sibh dúinn i gcónaí. Go háirithe tríd Le Chéile a bhíonn i gcónaí ar fáil dúinn d'aon ócáidí agus a thug maoiniú dúinn i gcomhair an oiread sin rudaí i rith na bliana.

Guím samhradh sona sásta oraibh go léir agus feicfimid a chéile arís ag deireadh Mí Lúnasa.

**Seán Ó Sé, Leas Príomhoide**

*Dear Parents & Guardians,*

*Another year has passed in the blink of an eye. There has been a lot of growth and development and change evident in the school over the last year. Now is the time to welcome the summer and for the school community to spend our time with family before starting again at the end of August. We are after saying goodbye to another special class in Rang a 6 this year. We wish them all the best with the transition to secondary school. They will always be a welcome for them in Scoil Chrónáin.*

*As I reflect on the past school year I am so very grateful to so many people who helped the school prosper and develop this year despite the many challenges we faced.*

*Firstly I have to start with the entire school staff who worked so hard all year. They were always open, receptive and supportive to the many changes that they undertook this year. We have implemented a broad suite of changes this year, some of which are visible such as the signs at the front gate, the mural, the yard games and the new sports equipment and some of which are not such as improving our work practices as a staff. We are able to be better together and the school is blessed with the talents of the staff at this time.*

*Of course a special mention has to go to our wonderful children. They came to school each and every day positively and willing to learn. I was delighted to have the chance to welcome the children at the front gate in the mornings and get to know their wonderful personalities. It was lovely to see them grow and develop throughout the year and to develop a love for our Irish culture in school.*

*To our parents, the school is grateful for your ongoing support. Especially through Le Chéile who were always available to help out for occasions that the school held or through fundraising that enabled the school to do so much during the year that there is not enough space to mention!*

*Finally we would like to wish you all a great summer and we will see you all again at the end of August.*


**Seán Ó Sé, Leas Príomhoide**



Beidh Scoil Chrónáin ag ath-oscailt ar an hAoine, <u>25ú Lunasa 2023</u> ag 09:00

*Scoil Chrónáin re-opens at 09:00 on Friday the <u>25th August 2023.</u>*





## Scéim Leabhair Scoile 2023-24 / Schoolbook Scheme 2023-24

Ciallaíonn sé seo go mbeidh an scoil ag ceannach gach leabhar oibre ranga & cóipleabhair a bheidh in úsáid ag do pháiste don bhliain. Is leis an scoil na leabhair agus beidh ar thuismitheoirí aire a thabhairt d'aon leabhair a théann abhaile mar pháirt d'obair bhaile do pháiste. Beidh siad á dtabhairt ar ais chun na scoile ag deireadh na scoilbhliana.

Beidh oraibh na rudaí seo a leanas a sholáthar do bhur bpáistí don bhliain

- Cás pinn luaidhe
- Pinn luaidhe, scriosán, biorróir
- Pinn luaidhe daite/ criain chun dathú—Twistables
- Rialóir agus seit matamaitice más gá

Tá níos mó eolais maidir leis an scéim sa doiciméad iniata leis an ríomhpost seo.

Beidh bille scoile fós á eisiúint ag an scoil chun íoc as rudaí ar nós fótacóipeáil, áráchas do pháiste, trealamh ealaíona, Music Generation, Snámh 7rl. Gheobhaidh sibh é seo roimh tús an scoilbhliain agus iarraimid oraibh é a íoc chomh luath agus gur féidir.

*This scheme will mean that your child's school will now provide all of your child's school books, workbooks and copybooks for the year. They will be provided on loan by the school. They must be maintained by you during the year and returned to the school at the end of the year. You will be obliged to ensure that your child has the following for school:*

- *A Pencil case*
- *Pencils, pens, eraser, pencil sharpener, ruler*
- *Twistables for colouring*
- *Mathematical set if required*

*The school will still be issuing a school bill to cover expenses such as photocopying, pupil insurance, art supplies, Music Generation, swimming, etc. This will be issued to you before the start of the new 2023/24 school year.*

## Féilire na Scoile / School Calendar 2023/24

Tá an féilire ar fáil ar **https://www.scoilchronain.ie/feilire.** Please note new format.

## Scoláirí Nua / New Entrants 2023-24

Bhí Oíche Eolais againn do thuistí na Naíonán Beag (agus do thuistí daltaí a bheidh ag teacht isteach i ranganna eile) ar an 6ú Meitheamh. Taimid ag súil le Cuairt na Naíonán Beag féinig ar an 22ú Lúnasa 2023 chun bualadh lena múinteoirí. Fillfidh gach rang ar an 25ú Lúnasa.

*We held our Information Evening for the parents of our new Junior Infants on June 6th. We look forward to welcoming our Naíonáin Bheaga to meet their teachers on the 22nd August . All classes return on Friday, August 25th, 2023.*

## Trócaire

Buíochas ó chroí le teaghlaigh na scoile a bhailigh €1,563.82 do Thrócaire i mbliana. Bíonn na leanaí i gcónaí chomh bródúil ag teacht chun na h-oifige leis na boscaí. Maith sibh a pháistí.

*A big thankyou to all our school families that raised **€1,563.82** for Trócaire this year. The children are always very proud of themselves returning the Trocaire Boxes to the Oifig.*



## Uniform Swap/Malartú Éide Scoile




## Afterschool Activities in Scoil

Seo nóta maidir le Gníomhaíochtaí Iar-scoile, a bheidh á gcur ar fáil ag daoine neamhspleácha anseo i Scoil Chrónáin, an scoilbhliain seo chugainn. B'fhéidir gur mhaith leat go bhfreastalódh do pháiste ar cheann díobh.

*Here is a little information note about a number of independent After School Activities that take place in our school during the school year. You may wish to keep them in mind for next August / September 2023 when the new school year starts. Please make contact directly with the relevant organiser as listed.*

***Dé Luain/Monday:*** *Damhsa Gaelach le Scoil Rince na Mara - Rang 3 & Rang 4 (Call Marina - 0872976746)*

***Dé Ceadaoin/Wednesday:*** *Damhsa Gaelach le Scoil Rince na Mara - Naíonáin Bheaga, Naíonain Mhóra, Rang 1 & Rang 2 (Call Marina - 0872976746)*

***Déardaoin/Thursday:*** *Stage Door and More (Drama School) (Call Kathleen - 0860583194)*


***Dé hAoine/Friday:*** *Creative Keyboard (Call Krisha - 01 4854536)*

## Aonach Leabhar/Book Fair

I mbliana bhí cuairt againn ó The Celtic Travelling Books, Aonach Leabhar. Eispéireas iontach a bhí ann do na páistí ar fad. Thóg gach rang turas chuig an aonach, ceannaíodh go leor leabhar agus bhíodar ar fad sona sásta leis. Trí do cheannacháin fuaireamar luach **2,460 euro de leabhair don scoil** ó Scholastic. Ba bhronntanas é seo ar cuireadh fáilte mhór roimhe. Táimid ag tnúth le fáilte a chur roimh Celtic Travelling Books ar ais arís an bhliain seo chugainn. Go raibh míle maith agaibh go léir as ucht an scoil a thacú i gcónaí, bainfear an-taitneamh as na leabhair nua nuair a thagann said.

*This Year we had a visit from The Celtic Travelling Books, Book Fair. It was a wonderful experience for all the children. Every class paid a visit to the fair. It was a wonderful opportunity to encourage and support the children's interest in reading. Through your purchases we secured* ***2,460 euros worth of books*** *for the school from Scholastic. What a hugely welcomed gift this was. We look forward to welcoming Celtic Travelling Books back again next year. Thank you all for contributing and helping us secure such a huge amount of new books for the school.*





## Beárbaiciú & Bronnadh Rang 6 /Barbecue & Presentation



Bhí Barbeque agus Bronnadh an-deas ag Rang 6 ar an 22ú Meitheamh. Míle buíochas le 'Le Chéile' agus le gach aon duine a chabhraigh in aon tslí. Guímid gach rath ar Rang 6 agus iad ag tabhairt aghaidh anois ar an Meánscoil agus gabhaimid buíochas leis an tuismitheoirí ar fad as a dtacaíocht agus a gcomhoibriú anuas trí na blianta.

*The Barbeque and 6th class graduation was held on the 22nd June. Many thanks to the parents of Rang 6 and to everyone who contributed in any way. We wish all Rang 6 the very best as they advance to Post Primary School and thank their parents for their support and co-operation over the years.*

## Visit of the Mobile Library

Tháinig an Leabharlann Soghluaiste go Scoil Chrónáin i mbliana. Bhí an-lá againn agus fuair na páistí deis leabhar a thógáil amach ar cíos. Tagann an veain timpeall Rath Cúil gach seachtain agus tá súil againn go leanfaidh na páistí ag léamh i rith an tsamhraidh.

*South Dublin County Council Mobile Library paid Scoil Chrónáin a visit this year. There was great excitement and the children were able to take books out on loan. The van has two stops in Rathcoole each week so hopefully the children will continue to read over the summer holidays.*





## Ag Obair sa Ghairdín / Working in the Garden

Bhí bliain iontach ag na páistí ag obair sa ghairdín. D'fhás na páistí torthaí agus glasraí éagsúla cosúil le cairéid, piseanna, prátaí, tornapaí, oinniúin agus sútha talún. Tá puimcíní socraithe agus réidh le fás do Oíche Shamhna. Míle buíochas do Tommy ár bhfeighlí agus na tuismitheoirí ar fad a chabhraigh linn sa ghairdín i rith na bliana.



*The children had a great year working in the garden. The children grew different fruits and vegetables such as carrots, peas, potatoes, turnips, onions and strawberries. Pumpkins are set and ready to grow for Halloween. Many thanks to Tommy, our Caretaker, and all the parents who helped us in the garden during the year.*



## Feirm Lidil

Chuaigh na páistí ar chuairt chuig Feirm Lidil i mí Bealtaine. D'fhoghlaim siad faoi ghlasraí a chur agus an tábhacht a bhaineann le torthaí agus glasraí. Thug siad cuairt ar na mba ar an bhfeirm agus rinne siad im. Bhí lá iontach acu, agus táimid ag dul ar ais ar chuairt i mí Dheireadh Fómhair chun roinnt glasraí a phiocadh.

*The children went on a visit to Lidl Farm in May. They learned about planting vegetables and the importance of fruit and vegetables. They visited the cows on the farm and made butter. They had a great day, and we are going back for a visit in October to pick some vegetables.*





## Music Generation i Scoil Chrónáin 2022/2023

Gach seachtain, bhí ceachtanna ceoil ar siúl faoi stiúr Music Generation Átha Cliath Theas. I measc na gceachtanna, bhí amhránaíocht, cnaguirlisí, feadóg stáin and ucailílí. James Mahon agus Niamh Keane ab ainm do na múinteoirí ceol. Ar a bharr siúd, bhí cuid dár bpáistí ag freastal ar cheachtanna consairtín i ngleic le Mol Music Generation tar éis scoile gach Céadaoin.

I mbliana, chuir na ceachtanna Music Generation go mór leis an gcultúr ceoil atá go beo sa scoil ó bhliain go bliain. Thaitin na ceachtanna go mór leis na páistí agus tháinig fás agus forbairt ar a bhféinmhuinín dá bharr.

Tá na ceachtanna seo an-réasúnta mar go bhfuil an scéim á maoiniú ag an rialtas, ag U2, The Ireland Funds and cumainn éagsúla eile.

Tá cór na scoile ag dul ó neart go neart de bharr an tionchair atá ag an gclár Music Generation ar na páistí. Bhí go leor amhránaithe agus ceoltóirí ag iarraidh a bheith mar bhaill den chór i mbliana agus chuireamar fáilte fial rompu! Tugaimid faoi ndeara ag ócáidí ar nós Seachtain na Gaeilge & ceolchoirm na Nollag, go mbíonn páistí ár scoile, toilteanach a bheith ag canadh amach nó ag seinm, is cuma cén aois ina bhfuil siad!

Táimid ag súil le bheith ag déanamh tuillidh ceoil don Scoil Bhliain nua 2023/2024. Cuirfidh mé sibh ar an eolas faoin bplean i Mí Mheáin Fómhair. Go dtí sin, ba mhian liom buíochas ó chroí a ghabháil le foireann na scoile, leis na tuistí agus leis na páistí dár ndóigh as an tacaíocht. Ní féidir a shéanadh nár bhain na páistí taitneamh, tairbhe, sult agus sásamh as an gceol i Scoil Chrónáin i mbliana. Mo cheol sibh a pháistí! Bíodh samhradh aoibhinn agaibh le bhur gclanna gleoite.

*Every week, Music Generation South Dublin provided vocal, percussion, tin whistle and ukulele lessons to all of the children in Scoil Chrónáin. These lessons were facilitated by two wonderful Music Generation musicians, named James Mahon and Niamh Keane. On top of that, this year, some of our children had the opportunity to avail of concertina lessons after school, as part of the Music Generation Community Hub program.*

*The Music Generation classes enhance the music culture in our school. The children have enjoyed and benefited from this program and their self-esteem and confidence have grown as a result.*

*Music Generation South Dublin works in partnership with schools and community groups to give access to vocal and instrumental tuition no matter what the child's culture or socio-economic background might be. Music Generation works on a matched funding model where the school contributes a portion of the total cost of tuition and Music Generation South Dublin covers the rest. As a result, the yearly fee is so reasonable.*

*They are funded nationally by U2, The Ireland Funds and the Department of Education & Skills, and at local level by South Dublin County Council, Dublin/Dun Laoghaire ETB and Dublin West Education Centre.*

*Thanks to Music Generation, the school choir is going from strength to strength with singers and musicians aplenty. We notice at events like Seachtain na Gaeilge & Ceolchoirm na Nollag, no matter what ages the children in Scoil Chrónáin are, they are all prepared to break out into song when the moment arises!*

*We are looking forward to making music again for the upcoming academic year 2023/2024. I will keep you all updated on the plan of action in September. Until then, I would like to thank the staff, the parents and the children for their continued support. There's no denying that, the children have embraced and enjoyed making music together, in Scoil Chrónáin this year. Mo cheol sibh, a pháistí! Bainigí taitneamh as laethanta saoire an tsamhraidh!*

***Le gach dea-ghuí, Múinteoir Aileen***

## Turas Scoile / School Tours

It was a great year for our school tours. The sun shone brightly for all of them. The children really enjoyed the days out. From the excitement of the little Naíonáin Bheaga children getting on the big bus - all the way to Rang 6 celebrating their last trip as a group together - we hope they create special memories for the children.















PROTECTING THE PAST.
INSPIRING THE FUTURE






club wall





## Sports Report



### Iománaíocht agus Go Games

Thaispeán Iománaithe agus imreoirí óga Go Games croí, scil agus sprid i rith na bliana. Bhí feachtas iontach ag na buachaillí agus bhuadar 4 chluiche agus bhí comh scór amháin acu sa ghrúpa ach bhí Scoil Moibhí, a bhuaigh amach an comórtas ar deireadh beagainín níos laidre na sin ar an lá. Táimid ar fad an-bhródúil astu ar fad agus táimid cinnte go mbeidh geansaithe a gclubanna agus bhféidir an chontae á chaitheamh acu sna blianta atá romhainn amach. Ba mhaith liom buíochas speisialta a ghabhail le Sam Ó Báille a dhein sár jab mar bhainisteoir arís i mbliana. Buíochas mór chomh maith le Aidín, Deirdre, Máirtín, Seán Ó Ceallaigh agus na tuismitheoirí ar fad a chabhraigh go mór leis na bhfoirne i mbliana. Scoil Chrónáin Abú!

*Scoil Chrónáins Hurlers and Go Games players displayed great heart, skill and passion this year. The boys hurling team had a great campaign winning 4 and drawing 1 in the group stages but came up just short against eventually winners Scoil Moibhí in the semi final. We are very proud of them all and I am sure they will build on this experience by continuing to play and wearing their club jerseys with pride and we might see a few names playing for the county hurlers in the years ahead. A special thanks to Sam Bailey who did a superb job of managing the Hurling and Football teams again this year. A huge thank you to Aidín, Deirdre, Aoileann, Tara, Sorcha, Niamh, Nicky, Máirtín, Seán Kelly and to all the parents who helped out with the teams during the year.*

### Spórt na gCailíní

Comhghairdeas le foirne caide agus camógaíochta cailíní sínsireacha na scoile. Bhí an bhliain acu i mbliana. Is iontach an rud é láidreacht na cailíní a fheiscint sna comórtaisí spóirt. Tá na foirne scoile ag dul ó neart go neart. Go n-éirí go geal le cailíní rang a 6 agus iad ag tosnú ar a gcéad eachtra eile. Coimeád suas an suim sa spóirt! Táimid ag súil leis an scoil bhliain nua agus na cluichí atá ós ár gcomhair. Scoil Chrónáin Abú!

*Congratulations to the Girls Senior Football and Camogie teams who showed such talent and skill during the competitions they participated in this year. It's a testament to their strength and commitment to sports. We would like to take the opportunity to wish Rang a Sé girls a successful transition to secondary school. Keep up your interest in sports! We also look forward to another year of girls football and camogie and wish the future Rang a Cúig and Sé all the best in next years' school competitions. Scoil Chrónáin Abú!*

### Chomórtas Ceithre Chúinne / Four Corners


Buachaillí Scoil Chrónáin Buacach sa Chomórtas Ceithre Chúinne

Ar an nDéardaoin, an 15ú Meitheamh 2023, bhí bua iontach agus tuilte go maith ag Buacaillí Scoil Chrónáin i mbliots an Ceithre Chúinne i bPáirc Naomh Muire, Sagard. Tar éis ard tháispeántaisí a thabhairt sa trí chluiche a bhí acu sa ghrúpa, tháinig sé ar fad síos go dtí an cluiche ceannais i gcoinne ár gcomharsain, St. Finians. Bhí Buachaillí Scoil Chrónáin chun cinn le 7 bpointe ag leath am. Shábháil Fionn Ó Uirlithe cic pionós go luath sa chluiche a dhúisigh foireann Scoil Chrónáin chun imeartha. Chur St. Finians brú orainn sa dara leath ach bhrúamar ar aghaidh agus thugamar an sway linn ag deireadh an lae. Buíochas mór le Sam Bailey, Aoileann, Sorcha, Aidín, Deirdre, Liam agus na tuismitheoirí ar fad a chabhraigh go mór leis na bhfoirne i mbliana. Buíochas mór le Kieran agus Niall as ucht an t-uisce ar fad a thugadar d'imreoirí Scoil Chrónáin i rith an lae. Scoil Chrónáin Abú

*Scoil Chrónáins Boys Come out on Top in the Four Corners*

*On Thursday the 15th June 2023, the Scoil Chrónáin Boys Footballers won a well-deserved Four Corners Blitz which took place in St. Marys, Saggart. After three very impressive displays in the group stages it all came down to a showdown with rivals St. Finians in the final. The Scoil Chrónáin Boys led by 7 points at half time. This was largely due to an early penalty save from Fionn Ó Uirlithe which was the wake up call that ignited the team into action. Scoil Chrónáin withstood everything that St Finians threw at Scoil Chrónáin and pulled away with a dominant display and reeled off several scores to run out deserved winners in the end. A huge thank you to Sam Bailey, Aoileann, Sorcha, Aidín, Deirdre, Liam and to all the parents who helped out with the teams during the year. A huge thank you to Kieran and Niall for keeping the Scoil Chrónáin team hydrated with slabs of water throughout the day. Scoil Chrónáin Abú!*





## Foireann Lúthchleasaíochta /Track and Field Athletics




Bhí lá iontach againn arís i mbliana i UCD, nuair a chuir foireann Lúthchleasaíochta Scoil Chrónáin isteach taispeántas dochreidte. Thugamar bonn amháin ar ais linn go dtí Scoil Chrónáin ar lá iontach i UCD ar an Mháirt an 30ú Bealtaine 2023. Ghlac 28 páiste páirt ó Ranganna 4, 5 & 6 agus chuir siad tréan iarracht isteach sa traenáil agus thaispeáin sé ar an lá. Thug bonn abhaile leis sa Rás Ráibe 80m. Bhí go leor eile a tháinig i ngiorracht scread asail bonn a thabhairt abhaile leo, go háirithe Sam Ó Dálaigh sa chomórtas caitheamh meáchain, Naoise Ní Labhrís sa Léim Fhada, agus Lana Ní Thréinir & Cáitín Tipper sa Rás Ráibe 80m. Tá tallann dochreidte ag páistí Scoil Chrónáin agus táimid ag tnúth go mór le níos mó gaiscí a bhaint amach sna blianta atá romhainn. Buíochas mór le Micheál agus Carl as an cabhair ar fad ar an lá. Scoil Chrónáin Abú!

*What an unbelievable performance from our Athletics Team again this year in UCD. 1 medal were brought back to Scoil Chrónáin after a brilliant day in UCD on Tuesday the 30th of May 2023. 28 Athletes from Rang 4, 5 & 6 put in a serious effort in training and it came to fruition on the day. Adam Ó Ceallaigh medalled in the 80m sprint. There were so many others that came ever so close to medalling, especially Sam Ó Dálaigh in the Shot Putt, Naoise Ní Labhrís in the Long Jump and Lana Ní Thréinir & Cáitín Tipper in the 80m. The talent throughout the school is incredible and we are looking forward to having further success in the coming years. A huge thank you to Micheál and Carl for helping out on the day. Scoil Chrónáin Abú!*



## Lá Spoirt 2023



Bhí lá iontach againn arís i gcomhar Lá Spóirt Scoil Chrónáin agus bhí sé níos mó agus níos fearr ná riamh. Chuir na Preab Chaileáin go mór leis an spórt agus spraoi a bhaineann leis an lá i gcónaí. Buíochas mór le Ray Cooke a dhein urraíocht ar na Preab Chaisleáin don lá. Foireann Scoil Chrónáin go raibh maith agaibh. Go raibh maith agat mór le hAoileann, go háirithe as ucht na Preab Chaisleáin a eagrú, Áine as na haon rud go háirithe na boinn, Tommy as an 'rent a van' agus na héinne a chabhraigh ar maidin agus i rith an lae. Rang 4A as ucht an fearas ar fad a bhailiú le chéile roimh ré agus Rang 6 as glanadh suas. Le Rathcoole FC (Syl), an Comhairle Contae, Fear na mbouncy castles i Dublin Bounce, Fear Uachtar Reoite agus Le Chéile, go háirithe Brendan go raibh maith agaibh. Bhí lá den scoth ag na leanaí. Táimid ag tnúth go mór le Lá Spóirt 2024!

*Scoil Chrónáins Sports Day was yet again a huge success and was bigger and better. The addition of a bouncy castle area/station added to the fun and games of the day. A huge thank you to Ray Cooke for sponsoring this area. A huge thank you to all the staff in Scoil Chrónáin. Special thanks yous to Aoileann, especially for organising the bouncy castles, Áine for ordering the medals and much more and Tommy for his Rent a Van assistance in transporting all the sports equipment. Rang 4A for collecting all the sports equipment for all the races before the day and to Rang 6 for clearing the area after. To Rathcoole FC (Syl), the County Council, Dublin Bounce, the ice cream van agus Le Chéile, especially Brendan thank you all. The children had a great day.*

*Roll on Lá Spóirt 2024!*

## Lá Spóirt 2023













































**Bíodh Samhradh iontach agaibh go léir.**
**Feicfimid sibh, le cúnamh Dé, ar an 25-08-2023.**

***Have a wonderful summer.***
***We will see you all again, please God, on the 25-08-2023.***





Scoil Chrónáin
An tSráid Mhór, Ráth Cúil, Contae Átha Cliath D24 YW81
Fón: 01 4588889


Scoil Chrónáin
Mol an Óige